

# Comhairle Contae Fhine Gall

**Comhairle Contae  
Fhine Gall**  
Fingal County  
Council



## Beartas um Chosaint Sonraí

# Comhairle Contae Fhine Gall

## Beartas um Chosaint Sonraí

---

### Brollach

Is í Comhairle Contae Fhine Gall an t-aonad Rialtais Áitiúil dá dtoghtar na baill go daonlathach i gContae Riaracháin Fhine Gall agus tá sí freagrach as raon fada fairsing de sheirbhísí ar fáil do mhuintir an Chontae.

Ar mhaithe leis an raon seirbhísí is éifeachtúla agus is mó dírithe ar dhualgais na saoránaigh, na pobail agus na gnólachtaí atá lonnaithe i bhFine Gall, caithfidh an Chomhairle cineálacha áirithe faisnéise a bhailiú agus a phróiseáil ó dhaoine agus ó eagraíochtaí. Ag brath ar an tseirbhís atá á lorg nó á soláthar, féadfar go gcuimsítear ‘sonraí pearsanta’ le cuid den fhaisnéis a bheadh á iarraidh de réir mar atá sainmhínithe san Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus féadfar go mbainfeadh sí le húsáideoirí seirbhísí reatha, nó todhchaíoch, fostóirí reatha, ón am atá thart nó ionchasach; soláthróirí; agus daoine ón phobal a bhíonn ag idirchaidreamh lenár bhfoireann. Ina theannta sin, féadfar go gceanglaítear ar an bhfoireann, ó am go ham, cineálacha áirithe de shonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid chun cloí le ceangaltais rialacháin nó reachtúla.

### Sainmhínithe

In Airteagal 4 (1), sainmhínítear ‘**sonraí pearsanta**’

“mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta (‘ábhar sonraí’); is é is duine inaitheanta ann duine is féidir a aithint, go díreach nó go neamhdhíreach, go sonrath trí thagairt d’aitheantóir ar nós ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó d’aon chúinse amháin nó níos mó a bhaineann go sonrath le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta an duine sin.”

In Airteagal 9 (1), liostáiltear **catagóirí speisialta de shonraí pearsanta**

“a thugann eolas ar bhunús cine nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnda nó fealsúnachta, ballraíocht ceardchumann, próiseáil sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha le haghaidh duine a shainaithint, sonraí maidir le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine.”

In Airteagal 4 (2), sainmhínítear ‘**próiseáil**’ mar

“aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta, cibé acu go ndéantar nó nach ndéantar trí mhodhuathoibríoch é, mar bhailiú, thaifeadadh, eagrú, stóráil, leasú nó athrú, aisghabháil, breathnú orthu, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú, meascadh, bacadh, léirsciosadh nó sciosadh”

## **Cad é agus cé hé Rialaitheoir Sonraí?**

De réir Airteagal 4 (7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, Rialachán (AE) Uimh. 2016/679, ciallaíonn rialaitheoir sonraí

*“an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit”*

## **Prionsabail a Bhaineann le Próiseáil Sonraí Pearsanta**

Beifear ag déileáil le haon shonraí pearsanta a mbeidh á phróiseáil ag Comhairle Contae Fhine Gall i gcúrsa an obair a dhéantar ann i gcomhlíonacht leis na bprionsabail a bhaineann le Próiseáil Sonraí Pearsanta atá leagtha amach in Airteagal 5 (1) de na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí atá sonraithe ag seo a leanas:

Maidir le sonraí pearsanta:

- (a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí
- (b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin;
- (c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil
- (d) beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad;
- (e) coimeádfar i bhfoirm iad a cheadóidh ábhair sonraí a aithint agus ar feadh tréimhse ama nach bhfuil níos faide ná an tréimhse atá riachtanach le haghaidh na gcuspoirí a ndéantar próiseáil ar na sonraí pearsanta dóibh
- (f) déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaráithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme.

Sa pholasaí seo leagtar amach an tslí ina ndéanfaidh an Chomhairle sonraí a láimhseáil agus a phróiseáil, déileáil le hiarratas ar shonraí ó dhuine is ábhar do shonraí agus bainistíocht a dhéanamh ar shárú maidir le sonraí.

Sa doiciméid polasaí seo, ciallaíonn sonraí sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire araon.

Táimid tiomanta, go háirithe don chosaint a thabhairt do shonraí pearsanta de réir mar a chumhdaítear é sa dara teideal (Saoirsí) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bhfuil lánfheidhm aici faoi Chonradh Liospóin ón 1 Nollaig 2009 i leith.

Leagan 02 26 Deireadh Fómhair 2018

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus Rialachán Uimh. 2016/679 de chuid an AE, An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Chomh maith leis sin, déantar tagairt ann do na rialaithe atá curtha i gcrích maidir le húsáid córais TCI. Tá polasaí i leith TCI ag Comhairle Contae Fhine Gall chomh maith.

Caithfidh Comhairle Contae Fhine Gall sonraí a bhailiú le haghaidh a lán de na seirbhísí a chuirtear ar fáil tríthi do shaoránaigh Fhine Gall. Déantar na sonraí sin a bhailiú ar pháipéar, ar fhoirmeacha iarratais, teachtaireacht etc. Chomh maith leis sin, faightear sonraí sa Chomhairle trí ríomhphoist agus coimeádtar sonraí go leictreonach ann ar thiomántáin agus ar sheirbheálaithe comhroinnte.

I ngach uile chás caithfidh don Chomhairle a bheith cinnte go ndéantar na sonraí a phróiseáil i gcomhlíonadh leis na 6 Phrionsabal den RGCS.

- An Dílíthiúlacht, an Chothromaíocht agus an Trédhearcacht
- Teorannú cuspóra
- An tÍoslachdú sonraí
- Cruinneas
- Teorannú Stórála
- Freagracht, Ionracas agus an Rúndacht.

---

## **1. An Polasaí maidir le Comhlíontacht leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí.**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall comhlíonadh go huile is go hiomlán leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Déanfaidh sí, mar Údarás Rialaithe Sonraí, na dualgais agus na feidhmeanna atá leagtha amach sna hAchtanna a chur i gcrích agus deimhneoidh sí nach ndéanfar sonraí a bhailiú nó a choimeád ach amháin de réir le téarmaí na nAchtanna.

## **2. Ceapachán agus Ról an Oifigigh Cosanta Sonraí**

De réir Airteagal 37 (1) ceapfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí oifigeach cosanta sonraí in aon chás ina mbeidh an phróiseáil á déanamh ag údarás nó comhlacht poiblí

Dá bharr sin, rinne Comhairle Contae Fhine Gall Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh faoi Ord Príomhfheidhmeannaigh.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don eagraíocht chun comhlíonadh leis an reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí, beidh ról riachtanach ag an Oifigeach Cosanta Sonraí mar idirghabhálaí do gheallsealbhóirí ábhartha, mar shampla d'údaráis mhaoirseachta, do dhaoine is ábhar do na sonraí agus d'aonaid ghnó laistigh den eagraíocht féin.

## **3. An Polasaí maidir le Custaiméirí a chur ar an eolas maidir lena gcuid cearta príobháideachais**

Tá Polasaí maidir leis an bpríobháideachas i bhfeidhm i gComhairle Contae Fhine Gall lena gcuirtear ár gcustaiméirí ar an eolas maidir lena gcuid cearta príobháideachais nuair a Leagan 02 26 Deireadh Fómhair 2018

chuireann siad sonraí pearsanta ar fáil don chomhairle le bheith próiseáilte. Chomh maith le polasaí ginearálta agus polasaí maidir leis an suíomh gréasáin, tá fógra príobháideachais ag roinnt mhaith rannóga dá gcuid féin, agus tá siad ar fáil ar an suíomh gréasáin. Is féidir athbhreithniú a chur ar na polasaithe agus na fógraí príobháideachais ag aon am ar bith.

#### **4. An Polasaí maidir le Comhlíonacht leis na Treoirínte eisithe ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall cloígh leis na treoirínte go léir a eisiúnn Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Ina measc siúd áirítear treoir ar chúrsaí dála an TCI agus na bainistíochta taifead, agus ar chinntí maidir le gearáin a dhéantar leis an Oifig sin chomh maith.

#### **5. An Polasaí maidir leis na Rialacha um Chosaint Sonraí.**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall cloígh leis na sé Phrionsabail um Chosaint Sonraí atá ríthábhachtach sa Dlí Cosanta Sonraí.

##### **Seo a leanas na Prionsabail a bhaineann le sonraí pearsanta-**

1. Déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an duine indibhidiúil.
2. Beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil.
3. Ní bhaileofar iad ach le haghaidh críocha atá sonrach, soiléir agus dlisteanach.
4. Coimeádfar i bhfoirm iad a cheadóidh ábhair sonraí a aithint agus ar feadh tréimhse ama nach bhfuil níos faide ná an tréimhse atá riachtanach le haghaidh na gcuspóirí a ndéantar próiseáil ar na sonraí pearsanta dóibh.
5. Beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad.
6. Déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdairithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme.

#### **7. An Polasaí maidir le Cearta an Duine Aonair. (Ciallaíonn Ábhar Sonraí an duine is ábhar do na sonraí.)**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall ná deimhniú go dtugtar cosaint iomlán don duine aonair de réir mar atá leagtha amach thíos ag seo:

Áirítear leis na cearta do dhaoine indibhidiúla faoin RGCS:

1. rochtain don ábhar
2. chun míchruinneas a bheith ceartaithe.
3. an ceart faisnéis a scríosadh
4. an ceart dul in aghaidh na margaíochta dírí
5. an ceart chun srianta a chur le próiseáladh na faisnéise a bhaineann leo, lena n-áirítear an chinnteoireacht uathoibríoch
6. ceart maidir le hiniomparthacht sonraí

Is ionann na cearta sin atá ag daoine aonair faoin RGCS agus na cinn atá acu faoin Acht um Chosaint Sonraí, 1988. Tá gnás curtha i bhfeidhm i gComhairle Contae Fhine Gall chun dul i ngleic le hIarrataí Rochtain d'Ábhair Sonraí agus is féidir teacht orthu siúd ar shuíomh gréasáin na Comhairle sa chuid maidir leis an gCosaint Sonraí <http://www.fingal.ie/your-council/dataprotection/>

Déanfaimid gach iarracht chun dheimhniú nach gcuirtear aon mhoill gan chúis le próiseáil Iarratais Rochtain agus caithfidh siad a bheith tabhartha chun críche laistigh de mhí amháin, ar a mhéid.

## **8. An Polasaí maidir le Bainistíocht a Dhéanamh ar Shártaí Cosanta Sonraí.**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall ná gach aon sárú cosanta sonraí a aimsiú, a thuairisciú agus a iniúchadh de réir na treoirlínte a eisíonn Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá gnás inmheánach agus foirm um thuairisciú sárúithe ar shonraí in áit i gComhairle Contae Fhine Gall a bhfuil teacht ag an bhfoireann orthu.

Cuirfead an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas maidir le haon sárú a bhaineann le sonraí pearsanta nó le sonraí pearsanta íogaire laistigh de 72 uair. I gcás go ndéantar sárú ar shonraí a mheasúnú le bheith an-dóchúil le tarlú agus go mbeadh dochar don ábhar sonraí nó do na hábhair shonraí mar thoradh air, dála an bradaíl aitheantais, cailteanas airgeadais nó sárú rúndachta, cuirfead an t-ábhar sonraí ar an eolas maidir leis.

Tarlaíonn sárú ar chosaint sonraí aon uair a scaoiltear amach sonraí pearsanta nó sonraí pearsanta íogair gan údarás ná toiliú. Féadfar a leithéid de shárú a tharlú i gcás go gcaillfí méaróga chuimhne, dioscaí, ríomhairí glúine, ceamaraí digiteacha, nó aon ghléasanna leictreonacha eile ar a gcoimeádtar sonraí, chomh maith le taifid pháipéir ina bhfuil sonraí le fáil. Tá roinnt córas agus gnásanna ag Foireann Bainistíochta Slándála Faisnéise Chomhairle Contae Fhine Gall chun rioscaí den chineál seo a mhaolú, dála criptithe.

Sa chás go dtarlaíonn Sárú ar Chosaint Sonraí, déanfar bearta chun coisc a chur ar a leithéid de theagmhais ionas nach dtarlófar den athuair é.

Cuirfead na torthaí ón bhfiosrúchán agus na moltaí leis in iúl d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus do dhaoine aonraic a bhfuil tionchar acu orthu. Cuirfead na moltaí go léir i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

## **9. An Polasaí maidir le cur chun cinn feasacht ar an gCosaint Sonraí i measc na foirne agus daoine eile a dhéanann Sonraí a Phróiseáil thar ceann na Comhairle.**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall ná deimhniú go gcomhlíontar leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Ról an Oifigigh Cosanta Sonraí de réir mar a mhínítear é in –

Airteagal 39 (1) (a)

“fógra a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí agus do na fostaithe a dhéanann an phróiseáil, agus comhairle a chur orthu siúd chomh maith, faoi na hoibleagáidí atá orthu de bhun an rialacháin seo agus de bhun dlí eile de chuid an Aontais um chosaint sonraí nó de bhun fhorálacha eile Ballstáit um chosaint sonraí”.

Bíonn gach uile fhostaí de chuid na Comhairle a bhailíonn agus / nó a rialaíonn inneachar agus úsáid na sonraí pearseanta freagrach as comhlíonadh leis an DPA.

Cuirfear comhaontú um próiseáil sonraí nó comhaontú um chomhroinnt sonraí in áit chun sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtí agus cuirfear é sin in iúl don phobal.

Coinneoidh an Chomhairle léi ag tabhairt tacaíocht, cúnamh, comhairle agus oiliúint san Fheasacht um an gCosaint Sonraí don fhoireann chun deimhniú go gcomhlíonfar leis an reachtaíocht.

## **8. Beartas maidir le Polasaí Bainistíochta Taifead chun deimhniú go mbeidh sonraí slán agus go mbeidh teacht éasca orthu.**

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall go gcuirfear an Polasaí Bainistíochta Taifead i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Bíonn faisnéis ar fáil sna taifid seo seachas sonraí amháin.

Tá an polasaí deartha ar bhealach chun deimhniú go bhfuil córas comhdúcháin caighdeánach in áit lena bhféidir sonraí a choimeád slán agus teacht éasca a bheith air i gcás iarraidh rochtain ó ábhar sonraí i gcás iarraidh Saorála Faisnéise.

Ionas go ndéanfar cinnte de go bhfuil modh comhdúcháin caighdeánach in áit, déanfar forbairt ar nótaí treorach ar conas tiomántáin leictreonacha a úsáid, lena n-áirítear conas fillteáin agus fo-fhillteáin a úsáid agus conas ba cheart ríomhphoist a aicmiú agus a chomhdú, agus déanfar an treoir seo a scaoileadh timpeall na foirne.

Is féidir sonraí agus faisnéis a choimeád sna formáidí seo a leanas:

- Taifid páipéir, foirmeacha iarratais etc.,
- Teachtaireachtaí téacs
- Comhaid Leictreonacha ar thiomántáin Roinnte nó ar thiomántáin aonraic,
- Ríomhphoist,

- Dialanna,
- Cuntais,
- Cláir,
- Leabhair Nótaí,
- Téipeanna,
- Físdioscaí digiteacha
- Seirbheálaithe,
- Dlúthdhiosca etc.,
- Suímh Ghréasáin, Inlíon,
- Líníochtaí, Léarscáileanna etc.
- Grianghraif/íomhánna
- Ábhair micreagraif (mar shampla micreascannán, micrifís)

Chomh maith leis sin, dearfar an Polasaí Bainistíochta Taifead ar shlí ina gceadófar don scrios córasach rialta de thaifid ar aon dul leis na Polasaithe Coinneála um Thaifid Náisiúnta den LGMA maidir le Taifid Údarás Áitiúil.

Chun deimhniú go scriosfar na taifid nach bhfuil de dhíth go deo go huile is go hiomlán, ní mór gach uile rian den lorg leictreonach a scrios, agus an comhad páipéir a bhaineann leis, chomh maith.

## **9. An Polasaí maidir le Forbairt Saineolais sa Chosaint Sonraí**

Is é an polasaí atá i gComhairle Fhine Gall ná oiliúint sa Dlí maidir le Cosaint Sonraí agus sna fasaigh a chur ar an bhfoireann ionas go mbeidh saineolas ann chun comhairle a thabhairt maidir le fiosruithe agus iarrataí rochtain don ábhar nuair a thagann siad isteach.

Is é Oifig Cosanta Sonraí na Comhairle an chéad áit don phobal chun dul i dteagmháil linn más mian le duine den phobal iarrataí um Chosaint Sonraí a dhéanamh, agus d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chomh maith, más mian leo dul i dteagmháil linn.

## **10. An Polasaí maidir leis an bPríobháideachas trí mhainneachtain nó deartha de réir cuspóra agus DPIA**

Caithfidh go mbeidh an príobháideachas sonraí ag croílár gach uile thionscadal as seo amach.

Is éard is DPIA ná an próiseas faoina ndéantar measúnú go córasach ar an tionchar féideartha a bhféadfar tionscadal nó tionscnamh a bheith aige ar príobháideachas daoine aonair. Cuirfear eagraíochtaí ar an gcumas leis fadhbanna príobháideachais a bhféadfar a tharlú a shainiú sula dtarlaíonn siad, agus réiteach a aimsiú chun na fadhbanna sin a mhaolú, chomh maith. Féadfar go mbeadh comhairlí leis na páirtithe leasmhara/ geallsealbhóirí i gceist le DPIA. Leis an RGCS tá DPIA sainordaitheacha á thabhairt isteach do na heagraíochtaí sin a bhfuil baint acu sa phróiseáil ard-riosca; mar shampla, sa chás go bhfuil teicneolaíocht nua á cur i bhfeidhm, nó gur dóichí é go mbeidh tionchar suntasach ag oibriúchán próifílithe ar daoine, nó go bhfuil monatóireacht ard-scála á dhéanamh ar limistéar ar a bhfuil teacht uirthi ag an bpobal.

Ina theannta sin, glacfaidh Comhairle Contae Fhine Gall leis an bpríobháideachas trí dheardh mar chur chuige réamhshocraithe; bhí an príobháideachas trí dheardh agus an mioníosú Leagan 02 26 Deireadh Fómhair 2018



sonraí i gcónaí ina riachtanais intuisceana faoi na prionsabail um chosaint sonraí. Mar sin féin, sa RGCS cumhdaítear prionsabal ‘an phríobáideachais trí dhearadh’ agus prionsabal ‘an phríobáideachais de réamhshocrú’ araon sa dlí.

Fágann sé sin go ndéanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall cinnte de go mbeidh na lonnaíochtaí a chuireann siad ar fáil feiliúnach don phríobháideachas, agus cuirfear na ceisteanna a bhaineann leis an bpríobháideachas san áireamh ón tús.

## **11. Polasaí maidir le conas Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí (IRSAS) a Láimhseáil**

Is é an polasaí atá ag Comhairle Contae Fhine Gall ná pointe lárnach rochtain a bheith ann le haghaidh Iarrataí ar Rochtain ó Ábhair Shonraí agus go dtabharfar cúnamh d’iarratasóirí chomh maith.

Tá ceart ag ábhar sonraí rochtain a fháil ar shonraí pearsanta a bailíodh a bhaineann leis nó léi féin. Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall dianiarracht chun deimhniú go mbeifear in ann an ceart seo a fheidhmiú go héasca. Cuirfear gach uile iarraidh ar rochtain trí aon phointe lárnach amháin, is é sin oifig an OCS. Ní mór do gach aon Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí ceangaltais áirithe de réir mar atá sonraithe sna hAchtanna um Chosaint Sonraí a shásamh.

Is iad sin:

- Ní mór é a bheith i scríbhinn.
- Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall fiosruithe réasúnta chun déanamh cinnte go bhfuil sé sásta maidir le aitheantas an duine atá ag déanamh an iarratais chun deimhniú nach n-eisítear sonraí pearsanta ach amháin dóibhsean atá i dteideal teacht orthu.
- Rachfar i mbun déileála le hIarrataí ar Rochtain ó Ábhair Shonraí chomh luath agus is féidir agus ar a laghad laistigh d’aon mhí amháin ón tráth a bhfaightear iarraidh ar aon dul leis na rialacháin nua.
- Más rud é nach dtéitear i mbun aon ghníomh laistigh de mhí amháin, “cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas maidir leis an gceart atá aige gearán a chur isteach chuig an Údarás Maoirseachta” agus glactar leis gurb ionann sin agus diúltú.
- Féadfar an t-aga freagartha ar iarraidh a shíneadh “dhá mhí eile ar a mhéid nuair is gá, agus castacht agus líon na n-Iarrataí á gcur san áireamh”. Caithfidh an t-ábhar sonraí a bheith curtha ar an eolas maidir leis an síneadh sin mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil.
- Sa chás go bhfaightear Iarratas Rochtana Sonraí an-ginearálta, mar shampla “tabhair dom gach a bhfuil agaibh fúm, le do thoil”, is féidir breis eolais a iarraidh ar cad atá i gceist san iarraidh, dála neasdháta teagmhais áirithe, uimhir thagartha dár gcuid, aitheantas an pháirtí eile, etc. Is féidir Foirm Rochtain d’Ábhar Sonraí, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle, a úsáid chun a leithéid de shoiléiriú a dhéanamh.
- I gcás ina bhfuil sé follasach go bhfuil Iarrataí gan bhunús nó go bhfuil siad iomarcach, ní bhíonn aon táille ar Iarratas Rochtain Sonraí, go háirithe mar gheall ar a atarlaithe atá siad, féadfaidh an rialaitheoir táille réasúnta, sin nó diúltú gníomhú de bhun na hIarrata.

- Cuirfidh an rialaitheoir cóip de na sonraí pearsanta ar fáil don iarrthóir. Más rud é go n-iarrann an t-ábhar sonraí ar thuilleadh cóipeanna, féadfaidh an rialaitheoir táille réasúnach a ghearradh bunaithe ar chostais riaracháin.

Sa pholasaí agus na gnásanna maidir le hiarrataí ón nGarda Síochána (nó ó ghníomhaireacht forghníomhaithe dlí eile) chun teacht ar rochtain ar shonraí ó thaifid na comhairle maidir le cosc, brathadóireacht nó ionchúiseamh cionta nó fiosrúcháin ar eachtraí, ba cheart:

- Go ndéanfar i scríbhinn é.
- Go luafar ann an fáth go bhfuil sé de dhíth.
- Go luafar an chúis go bhfuil sé de dhíth.
- Go dtagrófar ann don reachtaíocht oiriúnach a bhaineann lena n-iarratas ar shonraí.
- Go ndéanfaidh duine ar an leibhéal bainistíochta san eagraíocht é a shíniú, mar shampla Sáirsint sa Gharda Síochána, Bainisteoir Imscrúdúcháin etc.

## **12. An Polasaí maidir le Coisc ar na cearta ar rochtain:**

Is é an polasaí atá ag Comhairle Contae Fhine Gall ná scrúdú a dhéanamh ar gach uile iarraidh a thagann isteach chun deimhniú go scaoilítear na sonraí gur féidir a scaoileadh agus go nglactar leis na srianta atá ann maidir le scaoileadh sonraí faoi na hAchtanna.

Tagann scaoileadh taifead agus sonraí faoi rialúchán an Achta um Chosaint Sonraí agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí lena gcuimsítear beart reachtaíochta, Airteagal 18, chun forleathnacht na n-oibleagáidí a shriana agus déantar foráil do chearta san hait oiriúnacha sa rialachán. Áirítear leo siúd, i measc nithe eile -

1. an tslándáil náisiúnta nó an chosaint;
2. an tslándáil phoiblí;
3. cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú,
4. cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas ginearálta phobal an Aontais nó Ballstáit,
5. neamhspleáchas na mbreithiúna agus imeachtaí breithiúnacha a chosaint;
6. an t-ábhar sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint;
7. éileamh faoin dlí sibhialta a fhorfheidhmiú.

## **13. An Polasaí maidir leis an TCI.**

Tá polasaí ag Comhairle Contae Fhine Gall maidir leis na córais TCI a dhéanann an Chomhairle iad a fheidhmiú sa Chontae. Déanfar idirdhealú sa pholasaí idir TCI príobháideach agus TCI poiblí. Déanfar foráil leis do thréimhse choinneála 28 lá, agus de leanúint air sin scriosfar íomhánna (cé is moite de chásanna eisceachtúla), cuirfear rochtain theoranta ar scáileáin, seirbheálaithe agus trealamh taifeadta agus slándála chun deimhniú nach scriosfar ná leasófar íomhánna.

#### 14. An Polasaí maidir le hAthbhreithniú ar an Doiciméad Polasaí seo.

Is é polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo ó am go tráth i dtéarmaí reachtaíocht nua a thagann amach agus tosca ábhartha eile, agus de réir treoracha ó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Rialú ar an Doiciméad

<b>Uimh Thag an Doiciméid:</b>	FCC/GDPR/POL/001	<b>Teideal:</b>	Beartas um Chosaint Sonraí
<b>Leagan &amp; Dáta:</b>	26/10/2018	<b>Údar:</b>	Colm McQuinn, DPO
<b>Stiúrthóireacht:</b>	Cúrsaí Corparáideacha & an Rialachas	<b>Rannóg:</b>	
		<b>Faofa ag an bhFoireann Bhainistíochta ar an:</b>	<b>03/12/2018</b>
<b>Athbhreithnithe:</b>		<b>Stair leasuithe</b>	